# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2015

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Ceol

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**ROINN A – CUMADÓIREACHT SÉISE (40 marc)**
**C.1 LEANÚINT D'OSCAILT A THUGTAR**

<table>
<tr><th>C</th><th colspan="3">Tuairiscíní</th><th colspan="2">Marc</th></tr>
<tr><td rowspan="7">1</td><td rowspan="7">An Dá Shéis</td><td>A</td><td>• Tuiscint an-mhaith ar ghléas an cheoil agus ar chruth séiseach agus ar leanúint den oscailt a thugtar<br>• Comhsheasmhach ó thaobh rithime de<br>• Críochnaíonn an tséis ar an ngléasnóta (tonach)<br>• An míriú ag teacht leis an tséis a cumadh<br>• Comharthaí oiriúnacha mothúcháin curtha isteach<br>• Uirlis oiriúnach roghnaithe</td><td>17 – 20</td><td rowspan="7">20<br>+<br>20</td></tr>
<tr><td>B</td><td>• Tuiscint mhaith ar ghléas an cheoil agus ar chruth séiseach agus ar leanúint den oscailt a thugtar<br>• Comhsheasmhach ó thaobh rithime de<br>• Críochnaíonn an tséis ar an ngléasnóta (tonach)<br>• An míriú ag teacht leis an tséis a cumadh<br>• Comharthaí oiriúnacha mothúcháin curtha isteach<br>• Uirlis oiriúnach roghnaithe</td><td>14 – 16</td></tr>
<tr><td>C</td><td>• Tuiscint réasúnta maith ar ghléas an cheoil agus ar chruth séiseach agus ar leanúint den oscailt a thugtar<br>• Comhsheasmhach ó thaobh rithime de i gcoitinne<br>• Críochnaíonn an tséis ar an ngléasnóta (tonach)<br>• An míriú ag teacht i gcoitinne leis an tséis a cumadh<br>• Comharthaí oiriúnacha mothúcháin curtha isteach<br>• Uirlis oiriúnach roghnaithe</td><td>11 – 13</td></tr>
<tr><td>D</td><td>• Tuiscint éigin ar ghléas an cheoil agus ar chruth séiseach agus iarracht ar leanúint den oscailt a thugtar<br>• Neamhréireachtaí áirithe rithime<br>• Críochnaíonn an tséis ar an ngléasnóta (tonach)<br>• An míriú ag teacht i gcoitinne leis an tséis a cumadh<br>• Comharthaí oiriúnacha mothúcháin curtha isteach<br>• Uirlis oiriúnach roghnaithe</td><td>8 – 10</td></tr>
<tr><td>E</td><td>• Gan mórán tuisceana ar ghléas an cheoil ná ar chruth séiseach agus gan aon iarracht ar leanúint den oscailt a thugtar<br>• Drochthuiscint ar rithim<br>• Drochthuiscint ar thonúlacht<br>• Drochthuiscint ar mhíriú<br>• Comharthaí neamhoiriúnacha mothúcháin curtha isteach / gan aon chomharthaí mothúcháin curtha isteach<br>• Uirlis neamhoiriúnach roghnaithe / gan aon uirlis roghnaithe</td><td>5 – 7</td></tr>
<tr><td>F</td><td>• Gan ach beagán iarrachta déanta</td><td>2 – 4</td></tr>
<tr><td>NG</td><td>• Gan aon iarracht nó gan ach fíorbheagán d'iarracht déanta</td><td>0 – 1</td></tr>
</table>

## C.2 CEOL A CHUR LE TÉACS A THUGTAR

| C | | Tuairiscíní | Marc | |
|---|---|---|---|---|
| 2 | A | • An rithim comhsheasmhach leis na focail in (a) agus (b)<br>• Tuiscint an-mhaith ar ghléas an cheoil, ar chruth séiseach agus ar chóiriú focal, agus an rithim in (a) á úsáid<br>• Críochnaíonn an tséis ar an ngléasnóta (tonach)<br>• An míriú ag teacht leis an tséis a cumadh<br>• Comharthaí oiriúnacha mothúcháin curtha isteach | 34 – 40 | 40 |
| | B | • An rithim comhsheasmhach i gcoitinne leis na focail in (a) agus (b)<br>• Tuiscint mhaith ar ghléas an cheoil, ar chruth séiseach agus ar chóiriú focal, agus an rithim in (a) á úsáid<br>• Críochnaíonn an tséis ar an ngléasnóta (tonach)<br>• An míriú ag teacht leis an tséis a cumadh<br>• Comharthaí oiriúnacha mothúcháin curtha isteach | 28 – 33 | |
| | C | • An rithim measartha comhsheasmhach leis na focail in (a) agus (b)<br>• Tuiscint réasúnta maith ar ghléas an cheoil, ar chruth séiseach agus ar chóiriú focal, agus an rithim in (a) á úsáid<br>• Críochnaíonn an tséis ar an ngléasnóta (tonach)<br>• An míriú ag teacht i gcoitinne leis an tséis a cumadh<br>• Comharthaí oiriúnacha mothúcháin curtha isteach | 22 – 27 | |
| | D | • Neamhréireachtaí áirithe idir an rithim agus na focail in (a) agus (b)<br>• Tuiscint éigin ar ghléas an cheoil, ar chruth séiseach agus ar chóiriú focal, agus an rithim in (a) á úsáid<br>• Críochnaíonn an tséis ar an ngléasnóta (tonach)<br>• An míriú ag teacht i gcoitinne leis an tséis a cumadh<br>• Comharthaí oiriúnacha mothúcháin curtha isteach | 16 – 21 | |
| | E | • Gan mórán tuisceana ar ghléas an cheoil, ar chruth séiseach, ná ar chóiriú focal<br>• Drochthuiscint ar rithim<br>• Drochthuiscint ar thonúlacht<br>• Drochthuiscint ar mhíriú<br>• Comharthaí neamhoiriúnacha mothúcháin curtha isteach / gan aon chomharthaí mothúcháin curtha isteach | 10 – 15 | |
| | F | • Gan ach beagán iarrachta déanta | 4 – 9 | |
| | NG | • Gan aon iarracht nó gan ach fíorbheagán d'iarracht déanta | 0 – 3 | |
| | • *Ní bhronntar ach 12 mharc ar a mhéad mura bhfreagraítear ach cuid (a).*<br>• *Nuair nach bhfuil freagra ar bith ag (a) agus gan iarracht ar bith ar chóiriú focal ag (b), bronn 0 marc don cheist.* | | | |

**C.3 CUMADÓIREACHT DO RITHIM NÓ DO MHEADARACHT NÓ D'FHONN DAMHSA A THUGTAR**

| C | | | Tuairiscíní | Marc | |
|---|---|---|---|---|---|
| 3 | An Dá Shéis | A | • Tuiscint an-mhaith ar ghléas an cheoil agus ar chruth séiseach<br>• Coinnítear rithim agus stíl an damhsa<br>• Críochnaíonn an tséis ar an ngléasnóta (tonach)<br>• An míriú ag teacht leis an tséis a cumadh<br>• Comharthaí oiriúnacha mothúcháin curtha isteach<br>• Uirlis oiriúnach roghnaithe | 17 – 20 | 20 + 20 |
| | | B | • Tuiscint mhaith ar ghléas an cheoil agus ar chruth séiseach<br>• Iarracht mhaith ar rithim agus stíl an damhsa a choinneáil<br>• Críochnaíonn an tséis ar an ngléasnóta (tonach)<br>• An míriú ag teacht leis an tséis atá cumtha<br>• Comharthaí oiriúnacha mothúcháin curtha isteach<br>• Uirlis oiriúnach roghnaithe | 14 – 16 | |
| | | C | • Tuiscint réasúnta maith ar ghléas an cheoil agus ar chruth séiseach<br>• Rithim agus stíl an damhsa comhsheasmhach i gcoitinne<br>• Críochnaíonn an tséis ar an ngléasnóta (tonach)<br>• An míriú ag teacht i gcoitinne leis an tséis a cumadh<br>• Comharthaí oiriúnacha mothúcháin curtha isteach<br>• Uirlis oiriúnach roghnaithe | 11 – 13 | |
| | | D | • Tuiscint éigin ar ghléas an cheoil agus ar chruth séiseach<br>• Neamhréireachtaí áirithe rithime<br>• Críochnaíonn an tséis ar an ngléasnóta (tonach)<br>• An míriú ag teacht i gcoitinne leis an tséis a cumadh<br>• Comharthaí oiriúnacha mothúcháin curtha isteach<br>• Uirlis oiriúnach roghnaithe | 8 – 10 | |
| | | E | • Gan mórán tuisceana ar ghléas an cheoil, agus ar chruth séiseach<br>• Drochthuiscint ar rithim<br>• Drochthuiscint ar thonúlacht<br>• Drochthuiscint ar mhíriú<br>• Comharthaí neamhoiriúnacha mothúcháin curtha isteach / gan aon chomharthaí mothúcháin curtha isteach<br>• Uirlis neamhoiriúnach roghnaithe / gan aon uirlis roghnaithe | 5 – 7 | |
| | | F | • Gan ach beagán iarrachta déanta | 2 – 4 | |
| | | NG | • Gan aon iarracht nó gan ach fíorbheagán d'iarracht déanta | 0 – 1 | |

**ROINN B – ARMÓIN (60 marc)**
**C.4 CUMADÓIREACHT NÓTAÍ SÉISE AGUS DORDNÓTAÍ Ó SHRAITH CORDAÍ**

| C | Gné | Tuairiscíní | Marc | Fo-iomlán | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| **4** | Greille | • 1 mharc in aghaidh gach nóta den chorda atá ceart | 12 | **12** | **60** |
| | Séis | • Suas le 2 mharc in aghaidh gach nóta mhaith séise a bhaineann leis an gcorda,má úsáidtear an rithim thugtha<br>**NÓ**<br>• 1 mharc in aghaidh gach nóta mhaith séise a bhaineann leis an chorda,mura n-úsáidtear an rithim thugtha.<br>**NÓ**<br>• 1 mharc in aghaidh gach nóta den chorda atá ceart, má úsáidtear an rithim thugtha, ach nach nóta maith séise é | 2 × 12 | **24** | |
| | Dord | • 2 mharc in aghaidh gach dordnóta mhaith má úsáidtear an rithim thugtha<br>**NÓ**<br>• 1 mharc in aghaidh gach dordnóta mhaith mura n-úsáidtear an rithim thugtha. | 2 × 12 | **24** | |

## C.5 DORDNÓTAÍ AGUS COMHARTHAÍ CORDA A CHUR ISTEACH AG POINTÍ DÚNTA

| C | Gné | Tuairiscíní | Marc | Fo-iomlán | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| 5 | Greille | • 1 mharc in aghaidhgach nóta den chorda atá ceart | 12 | **12** | **60** |
| | Cordaí | • Suas le 2 mharc in aghaidh gach corda mhaith dúnta.<br>**NÓ**<br>• 1 mharc in aghaidh gach corda a oireann ach nach corda maith dúnta é. | 2 × 12 | **24** | |
| | Dord | • 2 mharc in aghaidh gach dordnóta mhaith i ngach corda dúnta atá ceart,má úsáidtear rithim atá ceart.<br>**NÓ**<br>• 1 mharc in aghaidh gach dordnóta mhaith i ngach corda dúnta atá ceart,má úsáidtear rithim atá mícheart<br>**NÓ**<br>• 1 mharc in aghaidh gach dordnóta i gcorda a oireann, ach nach corda maith dúnta é, má úsáidtear rithim atá ceart. | 2 × 12 | **24** | |

**C.6 NÓTAÍ FORSHÉISE AGUS COMHARTHAÍ CORDA A CHUR ISTEACH AG POINTÍ DÚNTA**

| C | Gné | Tuairiscíní | Marc | Fo-iomlán | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| 6 | Greille | • 1 mharc in aghaidh gach nóta den chorda atá ceart | 12 | **12** | **60** |
| | Cordaí | • Suas le 2 mharc in aghaidh gach corda mhaith dúnta.<br>**NÓ**<br>• 1 mharc in aghaidh gach corda a oireann ach nach corda maith dúnta é. | 2 × 12 | **24** | |
| | Forshéis | • Suas le 2 mharc in aghaidh gach nóta mhaith forshéise a bhaineann leis an gcorda, má úsáidtear rithim atá ceart.<br>**NÓ**<br>• 1 mharc in aghaidh gach nóta mhaith forshéise a bhaineann leis an gcorda, má úsáidtear rithim atá mícheart<br>**NÓ**<br>• 1 mharc in aghaidh gach nóta mhaith forshéise má úsáidtear rithim atá ceart, ach nach mbaineann le corda maith dúnta. | 2 × 12 | **24** | |

## Nótaí Ginearálta do na Scrúdaitheoirí

1. Déan cáilíocht fhoriomlán na ráiteas agus na gcur síos a mharcáil. Ní féidir lánmharcanna a bhronnadh ach amháin as ráiteas nó as cur síos atá ceart ina iomláine.

2. I gceisteanna ina n-iarrtar ar na hiarrthóirí líon áirithe gnéithe nó uirlisí, etc. a shainaithint, a ainmniú nó a roghnú, cealaíonn gach freagra mícheart freagra ceart.


3. I gceisteanna ina n-iarrtar ar na hiarrthóirí **cur síos** a dhéanamh ar líon áirithe gnéithe, marcáil na freagraí go léir agus roghnaigh an freagra nó an dá fhreagra is fearr, de réir mar atá leagtha síos sa cheist.


| C | Roinn | Cuid | Freagra | Marc | Fo-iom. | Iom. |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | Sliocht 1 | | *Seachanges with Danse Macabre le Raymond Deane*<br>*Na barraí 1 – 16* | | 9 | 25 |
| | | (i) | tús an tsaothair | 2 | | |
| | | (ii) | ar chillín 3 nóta<br>Míniú bailí ar bith ar chillín 3 nóta. Ní gá tagairt don sliocht. | 2<br>2 | | |
| | | (iii) | mothú<br>Suas le 3 mharc le haghaidh cúis bhailí ar bith a bhaineann leis an mothú a léirítear. Caithfear tagairt a dhéanamh sa fhreagra don cheol a chloistear sa sliocht (airde ard na nótaí; barraí ciúnais; athrú amchomharthaí; tagairt bhailí ar bith eile) | -<br>3 | | |
| | Sliocht 2 | | *Na barraí 37 – 44* | | 9 | |
| | | (i) | 3/4 | 2 | | |
| | | (ii) | maracas *nó* mairimbe *nó* crótáil | 2 | | |
| | | (iii) | dealú<br>Suas le 3 mharc as aon mhíniú / chur síos bailí ar dhealú. | 2<br>3 | | |
| | Sliocht 3 | | *Na barraí 141 – 157* | | 7 | |
| | | (i) | stopadh dúbailte | 2 | | |
| | | (ii) | cordabhraislí | 2 | | |
| | | (iii) | Suas le 3 mharc as aon chur síos bailí ar bith. | 3 | | |

| C | Roinn | Cuid | Freagra | Marc | Fo-iom. | Iom. |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 2 | | | *Symphonie Fantastique* le Berlioz<br>*Gluaiseacht 4, na barraí 135 - 169* | | 10 | 10 |
| | | (i) | Marche au Supplice / Máirseáil chun na Croiche | 2 | | |
| | | (ii) | ar théaduirlisí | 2 | | |
| | | (iii) | nótaí athdhéanta | 2 | | |
| | | (iv) | téama an *idée fixe*<br>cláirnéid | 1<br>1 | | |
| | | (v) | Suas le 2 mharc as aon chur síos bailí ar an gcaoi a gcríochnaíonn an ghluaiseacht. Is gá tagairt a bheith déanta do na naoi mbarra dheireanacha den ghluaiseacht chun lánmharcanna a bhronnadh. | 2 | | |

| C | Roinn | Cuid | Freagra | Marc | Fo-iom. | Iom. |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 3 | | | *Coinséartó don Phianó in Mórghléas A K488* le Mozart<br>*An Dara Gluaiseacht, na barraí 53 – 68* | | 10 | 10 |
| | | (i) | gluaiseacht a dó | 2 | | |
| | | (ii) |  | 2 | | |
| | | (iii) | rithim phoncaithe<br>léimeanna leathana | 1<br>1 | | |
| | | (iv) | barra 12 / 13 | 2 | | |
| | | (v) | dúnadh foirfe (lándúnadh) | 2 | | |

| **C** | **Roinn** | **Cuid** | **Freagra** | **Marc** | **Fo-iom.** | **Iom.** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **4** | | | *Sgt. Pepper's Lonely Hearts Club Band* le John Lennon & Paul McCartney<br>*An Intreoir, véarsa 1 agus an t-idircheol uirlise* | | **10** | **10** |
| | | (i) | tá nótaí athdhéanta i séis an ghutha | 2 | | |
| | | (ii) | níos airde ná sna línte 1 – 4 | 2 | | |
| | | (iii) | corn Fhrancach / coirn Fhrancacha | 2 | | |
| | | (iv) | Suas le 2 mharc as aon cur síos bailí ar bith. | 2 | | |
| | | (v) | Suas le 2 mharc as aon chur síos bailí ar bith ar theicníocht taifeadta a úsáidtear i gcuid *ar bith* den amhrán. | 2 | | |

| C | Roinn | Cuid | Freagra | Marc | Fo-iom. | Iom. | C |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 5 | Sliocht 1 | (i) | feadóg stáin nó fliúit/feadóg mhór nó fidil/veidhlín | 2 | 8 | 25 | |
| | | (ii) | port luascach | 2 | | | |
| | | (iii) | 9/8 | 2 | | | |
| | | (iv) |  | 2 | | | |
| | Sliocht 2 | (i) | AABA | 2 | 6 | | |
| | | (ii) | cuntrashéis<br>cordaí briste | 2<br>2 | | | |
| | Sliocht 3 | (i) | Feadóg(a) stáin | 2 | 11 | | |
| | | (ii) | cruit / tambóirín / téaduirlisí / timpani | 2 | | | |
| | | (iii) | ornáidiú; seinntear an tséis ar an bhfeadóg stain;<br>Gné thraidisiúnta a chloistear sa sliocht sainaitheanta i gceart. | 2 | | | |
| | | (iv) | uirlisí neamhthraidisiúnta, e.g. an tambóirín. Tá mothú Spáinneach ar an gceol. Gné neamhthraidisiúnta a chloistear sa sliocht sainaitheanta i gceart. | 2 | | | |
| | | (v) | Stíl<br><br>Suas le 3 mharc as aon chur síos bailí ar an stíl *a roghnaítear* agus atá le cloisteáil sa sliocht. | -<br><br>3 | | | |

| C | Roinn | Cuid | Freagra | Marc | Fo-iom. | Iom. |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 6 | Sliocht 1 | (i) |  | 1+1+1 | 7 | 20 |
| | | (ii) | homafónach | 2 | | |
| | | (iii) | tá crescendo le cloisteáil / éiríonn an ceol níos glóraí (diaidh ar ndiaidh). Aon athrú bailí dinimice a chloistear sa sliocht;<br><br>Suas le 2 mharc. | 2 | | |
| | Sliocht 2 | (i) | 1. fliúit<br>2. cláirnéid<br>3. veidhlíní | 1<br>1<br>1 | 7 | |
| | | (ii) | *pizzicato* | 2 | | |
| | | (iii) | válsa | 1 | | |
| | | (iv) | 3 | 1 | | |
| | Sliocht 3 | (i) | le ceolfhoireann lán | 2 | 6 | |
| | | (ii) | Suas le 2 mharc an ceann as dhá chúis bhailí ina ndéantar cur síos ar mhothú an bhua atá le cloisteáil sa sliocht. | 2 + 2 | | |

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán